SCÉAL

NOLLAIG ṠONA DO ṠEÁN

Ḃí an Nollaig ag teaċt. Ḃí na soilse iodáite le feiceáil ó ḟuinneoga an oispidéil agus iad ag glioscarnaiġ abus agus ṫall san sráid. Ḃí an crann Nollaig ina ṡeasaṁ san príoṁ sráid aċ ní raiḃ sé maisiṫe go fóill. Ḋéanfaḋ na páistí é sin an lá roiṁ oíċe Nollag.

Istiġ san oispidéal ḃí Seán óg ina ṡeasaṁ ag an ḃfuinneoig. Ḃí sé ag smaoineaṁ agus é ag féaċaint síos an tsráid. Ba ṁaiṫ leis féin an réalta ar ḃárr an ċrainn sin a lasaḋ, aċ mo léan, ní ḃeaḋ an tseans aige — ḃeaḋ crann deas san díleaċtánn ceart go leor aċ raiḃ sé ag súil le filleaḋ arais ansin arís mar ḃí Bríd imiṫe agus ní raiḃ duine ar biṫ ar domain ċom cneasta cineálta le Bríd.

Ṫáinig banaltra suas ċuige.

"Naċ ḃfuil an tsráid go gleoite, a eṠáin." ar sise.

"Tá sé, gan aṁras," ar seisean, agus do ḋein sé iarraċt smaċt a ċur ar na deoraí a ḃí ag teaċt ina ṡúile.

"A ḃuel, beiḋ fleaḋ agus féasta agus spórt agus siamsa agaiḃ san dialaċtánn, a Ṡeáin," arsan banaltra.

"Beiḋ, a ḃanaltra," arsa Seán. aċ ní raiḃ a ċroí san ċomra a ḃí ar siúl aige.

Ní raiḃ aige anois aċ mion ċuiṁneaṁ ar a aṫair agus a ṁáṫair. Ḃí sé trí bliana d'aois nuair a ṁarbaíoḋ iad san timpist cúig bliana ó ṡoin. Ċuireaḋ isteaċ san díleaċtánn é. Ḃí na mná rialta go deas, ceart go leor, aċ ba í Bríd an cailín a ḃí ag obair ansin san oifig ab ḟearr leis. Tugaḋ féiríní dó go minic ⁊ ḃí grá mór aige dí.

Labair an ḃanaltra taoḃ leis agus ḃain sí preab as.

"Anois a Ṡeáin, isteaċ san leaba leat agus taḃarfaiḋ mé do ḃuidéal leigis duit."

Isteaċ leis san leaba agus ṫóg sí an buidéal ina láiṁ ċun spúnóg de a ṫaḃairt dó. Níor ṫaitniġ an leiġeas leis aċ mar a dúirt an ḃanaltra dá dtógfaḋ sé é d'imeóḋ an pian uafasaċ a ḃí ina ḃolg.

Ṡocraiġ an ḃanaltra é san leaba. Dúirt sí cúpla paidreaċa leis, craiṫ sí braon den uisce beannaiṫe ó Lourdes (a ċur Bríd ċuige i mbuidéal beag gorm sul ar imiġ sí) air agus d'imiġ sí leiṫi.

Rinne sé iarraċt dul a ċodlaḋ aċ ṫeip glan air. Ḃí sé ag smaoineaṁ ar gaċ a dúirt Bríd leis Dé Doṁnaiġ nuair a ḃí sí ansin san ospidéal. Ḃí sí ag imeaċt agus dúirt agus go mb'ḟéidir naċ ḃfeicfeaḋ sé í ar feaḋ tamaill aċ go dtiocfaḋ sí arais ċun é d'ḟeiceáil am éigin. Dúirt sí leis naċ mbeaḋ sí ag obair san díleaċtánn as sin amaċ agus go raiḃ bean nua tagaiṫe ina háit.

Faoi ḋeire ṫit a' ċodlaḋ corraiṫe air. Ḋúisiġ sé go minic i riṫ na hoíċe agus é ag ċur raméis de. Ṫug an ḃanaltra tabléid dó agus ṫit ċodlaḋ trom air arís, agus níor ḋúisiġ sé go dtí an ṁaidin ina ḋiaiḋ sin.

Gaċ lá ḃí cuid des na buaċaillí san seomra ag imeaċt aḃaile lena dtuismeoirí. Níor ċuir sé sin isteaċ air mar cé go raiḃ siad uilig go deas cineálta, ní raiḃ sé féin fada go leor ansin ċun cairde ḃuan a ḋéanaṁ leo.

Lá aṁáin ṫosnaiġ an sneaċta ag titim. Ṫit sé anuas ina ċalóga móra bána ar feaḋ i ḃfad ⁊ leag sé brat bán ar talaṁ tiṫe agus bóiṫre. Ḃí an tír go léir ina ḃratlín gléagáil mór timpeall an oispidéal.

An lá céanna ḃí Daidí na Nollag ċun cuairt a ṫaḃairt ar na páistí san oispidéal i sleaṁnan breá agus capall deas bán a ṫarraint. Ḃí cóta deas dearg air agus caipín deas air déanta de ḟionnaḋ dearg. Ḃí Seán agus na buaċaillí go léir dar mire le háṫas. Ṫáinig sé isteaċ san oispidéal agus d'ḟiafraiġ sé de gaċ buaċaill cad a ḃí ag teastáil uaiḋ 'um Nollaig. Ṫug sé bronntanas do gaċ duine acu agus ṫug sé leaḃar mór scéalta do Ṡeáin. Ḃí sé ann tsásta leis agus nuair a ṫosnaiġ sé a léaṁ, ḋein sé dearmad ar an uaigneas a ḃí air ar feaḋ tamaill. Cúpla lá ina ḋiaiḋ sin ṫáinig an doċtúir isteaċ. Ċuir sé Seán faoi scrúdú.

"Maiṫ tú a Ṡeáin, beiḋ tú abálta imeaċt arais don díleaċtánn Dé Saṫairn," adúirt an doċtúir.

"Gura maiṫ agat a doċtúir," arsa Seán, aċ is beag gliondar croí a ḃí air mar sin féin. Ḃeaḋ an Saṫarn buailte leis i gcíonn cúpla lá agus ḃeaḋ sé arais san díleaċtánn aċ ní ḃeaḋ Bríd ann ċun fáilte a ċur roiṁe. Mar sin féin socraiġ sé ar ieḃṫ croga ⁊ ġeiḃ sé paidir do Ḋia mar buíoċas toisc go raiḃ an pian ṁallaiṫe sin imiṫe faoi deire.

Dé hAoine ċaiṫ sé tamall den lá ag súgraḋ leis na buaċaillí eile san seomra agus tamall eile ag léaṁ an leaḃair a ṫug Daidí na Nollag dó. Ḃí scéalta de gaċ saġas ann, agus ḃain sé an-taiṫneaṁ astu.

Ṫáinig duine des na mná rialta, an tSiúir Pól isteaċ ar cuairt ċuige. Ṫug sí féiríní dó. Ḃí an áṫas uirṫi nuair a ċuala sí go raiḃ sé ag teaċt arais don díleaċtánn an lá dár gcionn.

Dé Saṫairn ḃí Seán ag léaṁ arís as leaḃair deas. a ṫug duine des na banaltraí dó. nuair a ċonaic sé beirt fear agus cailín ag teaċt isteaċ an doras.

Ṫáinig an t-áṫas air nuair a ṫug sé fé ndeara gurb í Bríd a ḃí ann. Aċ an fear, an Doċtúir Ó Murċaḋa, cé'n fáṫ go raiḃ seisean leiṫi agus gan a cóta bán air aċ an oireaḋ? Riṫ sé ċom fada leo agus é ar cipíní le h-áṫas. Ṫug Bríd pó dó agus craiṫ an doċtúir a láiṁ. D'ḟiafraiġ sí de cé'n ċaoi a raiḃ sé. Ṫug sí bosca milseán dó.

"Tá mé ag dul arais arís inniu a Ḃríd," ar seisean, "aċ níl mé ag tnúṫ leis mar beiḋ tusa imiṫe." Ṫáinig deora i súile Bríd, deora áṫais agus d'ḟéaċ sí ar Ṡeán.

"Ní ḃeiḋ tú ag dul arais don díleaċtánn arís a Ṡeáin," ar sise. "Cé'n fáṫ a Ḃríd." arsa Seán. "Naċ ḃfuil biseaċ orm a doċtúir?'

"Tá, a ḃuaċaill," arsa an Doċtúir Ó Murċaḋa, "aċ beiḋ tú ag teaċt linne in áit dul ann.'

"Tá mé féin agus an Doċtúir Ó Murċaḋa pósta," arsa Bríd, "agus narḃ ṁaiṫ leat teaċt ċun ár dteaċ san baile mór linn i gcóir na Nollag agus fanaċt linn go deo?"

"Ó b'aoiḃinn liom é a Ḃríd. Gura míle maiṫ agaiḃ. Aċ an dtiocfaiḋ Daidí na Nollag ċugam."

"Ṫiocfaiḋ gan aṁras a Ṡeáin mar ḃí tú i do ḃuaċaill an ṁaiṫ i gcónaí,' 'arsan doċtúir.

Ċuaiġ Seán aḃaile leo an tráṫnóna sin. Ḃí Nollaig an-aoiḃinn aige.

Ċuaiġ sé ar Aifreann na Ginide le Bríd agus Miċeál agus ġlac sé Comaoin Naofa. Ċuala sé an cór ag cantain an Adeste Fidelis agus "Oíċe Ċiúin" agus ḃí a ċroí ċom ḣaṫasaċ sin go raiḃ sé ar tí canaḋ leo. Ṫug siad cuairt ar an mainséar tar-éis an Aifreann.

Ḃí fleaḋ agus feasta oíċe eile ag Bríd dos na buaċaillí eile a ḃí san díleaċtánn le Seán ⁊ ḃí oíċe ḃreá aige féin agus acu go léir. Ṫáinig Daidí na Nollag ċuige agus ṫug sé a lán bronntanais dó.

Aċ b'é an rud a ċur ġliondar ċroí ar fad air na gurḃ é féin a lás an réalt ar an crann Nollag breá a ḃí maisiṫe go gleoite san seomra suite i dteaċ Ḃríde.

Máire Rita Ní Ḟionnáin,
Cloċar Marist. Baile Ċaṫail
Co. Muiġeo.

ÁRA MÓR

Más mall is miṫid, agus faoi ḋeireaḋ ṫiar ṫall tá Ára Ṁór agus ceangal ceart aici le tír mór. Tá an ċéiḃ úr ag Staca Mór críoċnaiṫe, agus anois ṫig le bádaí teaċt isteaċ go hÁrainn. Is cuma goidé mar atá an lánmara, ṫig leo teaċt isteaċ ag lag-trá ċom maiṫ le taoide barrlán. Muna dtig linn lúḃaile Órḋa, ṫig linn ar a laġad lúḃaile airgid a ḃeiṫ againn ar an ċéad uair a rinneaḋ éileaṁ ar an ċéiḃ seo, ag Staca Mór, sa dóiġ go mbeaḋ na bádaí abálta teaċt isteaċ is cuma goidé mar ḃeaḋ an lánmara, aċ, is maiṫ ann anois féin é. Uair nó ḋó, le linn cuid scoláirí Coláiste Cróna a ḃeiṫ ag imeaċt b'éigin cuid bádaí a ṫaḃairt isteaċ ċuig an Gob Duḃ. cionnus naċ raiḃ go leor uisce ag an céiḃ ag an leiḃ gairḃ. Agus b'éigin do múinteoirí agus daoine eile, iad a iompar, ċor a ḃeiṫ, isteaċ go dtí na bádaí. Cuid de na páistí a ḃí fliuċ báite ag dul aḃaile díoḃṫa. Ní ṫárlóiḋ rud mar sin ċoíċe arís. mar tá céiḃ ḃreá leaṫan, agus fánán fá ċoinne airdeaċt ar biṫ ag an Staca Mór, anois.

Críoċnaíoḋ an céiḃ an tseaċt-ain seo caite, agus táṫar buíoċ i gceart do Roinn na Gaeltaċta. a ċur an deontas £10,000 ar fáil, a d'ḟág an ċéiḃ seo ag pobal Áranna. Seo an ċéad rud fiúntaċ a fuartas ó Roinn na Gaeltaċta, agus is mór an buíoċas atá ar an Aire agus a Roinn as seo a ċur ar fáil. agus is tuar maiṫ é fá ċoinne anam atá le teaċt. Molaimid Rúnaí Pairliminte, an tUasal Ó Faċtna, Rúnaí na Roinne, ċom maiṫ leis an Aire féin, agus Oifigeoirí na Roinne.

An tseaċtain seo caite, ḃí Ára Ṁór gearrṫa ar ṡiúl ón tír mór ar feaḋ ceiṫre lá, le stoirm móire agus gálaí gaoiṫe. Is fíor ċorr uair naċ mbíonn fir bád abálta dul isteaċ fá ċoinne na litreaċa, agus níor ṫárla sé ó ċuaiġ sé i gcionn bád na litreaċ go raiḃ sé ceiṫre lá as a ċéile gan dul go tír mór, ċor ar biṫ. Tá an áit ciúin ó ṡin, agus bádaí amaċ is isteaċ mar ḃí ariaṁ.

CAISEÁL

Ag an Ċúirt Dúiċe i gCinn Ṁara, cúisíoḋ Máirtín Ó Niaiḋ, Leaṫnaċ, Caiseal, as tiomáint dáinséaraċ agus fuartas ciontaċ é. Ṫug an Dr. F. F. Seoiġe fianaise go raiḃ sé ag tiomáint ó Árd Raṫán go Cill Colgáin nuair a ṫáinig cúpla cárr ṫart ar casaḋ, agus ḃuail an dara ceann acu isteaċ in éadan a ġluaisteán san, agus ansin. ċuaiġ sé treasna an ḃóṫair, agus ḃuail an falla ar an taoḃ eile. Rinne £300 damáiste dá ġluaisteán san. Nuair a laḃair sé leis an tiománaí, dúirt Ó Niaiḋ, naċ raiḃ eolas aige ar an ḃóṫar agus go raiḃ sé ag leanúint an ċárr roiṁe. Ḃí an iomḃualaḋ ar an taoḃ s'aige-san den líne bríste bán a ḃí i lár an ḃóṫair. Dúirt Ó Niáiḋ go raiḃ sé ar a ḃealaċ go Sionainn, agus é ag tiomáint ag timpeall 45 m.s.u. ar ċúl cárr eile. Ḃí sé ag leanúint an ċárr roiṁe agus ní raiḃ ḟios aige go raiḃ casaḋ insan ḃóṫar. Dúirt an Giúistís de Búrca gur cás an olc do tiomáint dainséaraċ a ḃí ann agus ċáin sé Ó Niaiḋ £20.

BUAITE

Ḃuaiġ Luimneaċ go h-éasca ar Gaillim insan léig náisiúnta iomáin, Dé Doṁnaiġ, le scór: Luimneaċ 8-14, i gcoinniḃ Gaillim 3-3. Ní raiḃ mórán ar ṫaoḃ na Gaillime a ṫuill cliú dóiḃ féin, aċ aṁáin Séamas Ó Dugáin, a rinne gnó an ṁaiṫ ar fad.

LITIR Ó NOLLAIG Ó GADHRA

18 Ardán Theas,
Corcaigh.
30-11-65.

An tEagarthóir,
"Amárach".
A chara,

Ní mór dom scríobh chugat faoin "Creid nó ná Creid" a bhí i gcló agat an tseachtain seo, mar measaim ní hamháin go raibh tú dian orm ach gur chuaigh tú níos faide. Litir cháirdiúil chuig Dónall Mac Amhlaigh a scríobh mé cheana. Is trua liom nár choinnigh mé cóip di. Ach níor choinnigh, agus mar sin ní fhéidir liom í a chosaint anois. Is deacair liom a chreidiúint áfach go bhfuil ábhar "cliú mhillte" inti. Agus ba chóir go mbeadh fhios agatsa freisin nach tuairiseoireacht neamhchlaonta a leithéid seo, "N. O. G. a scríobhas mar iriseoir in "Inniu." Is é fírinne an scéil ná go bhfuil ailt uaim foilsithe ar beagnach gach iris agus páipéar sa tír—i nGaeilge agus i mBéarla "Amárach' ina measc. Níl ceangal ar bith agam le hiris ar bith ach "Rosc", cé go bhfuil mé ar bhord "Foras" comh maith, agus tá baint agam le cúpla iris ollscoile.

Ní dóigh liom ach oiread go raibh tú gan claonadh ar fad san sé phointí a luaigh tú. An rud is tábhachtaí ar fad i mo litir i.e. nach bhfuil mé ach ag labhairt ó mo thaithí féin ar chúrsaí, níl sé luaite chor ar bith. Agus dúirt mé go soiléir go raibh an taithí sin bunaithe ar Ghaeltachtaí an Deiscirt, agus go bhféadfadh a mhalairt ar fad a bheith fíor i dtaobh Ghaeltachtaí an Tuaiscirt.

Maidir le pointe a haon, ní dúirt mé gur "aicme ar leith iad Gaeilgeoirí na Galltachta" díreach mar sin. Ach thuigfeadh páiste an difríocht idir pobal Gaeilgeoirí ó dhúchais (community — tá brón orm ach bhí ormsa Gaeilge a fhoghlaim) agus Gaeilgeoirí agus fiú teaghlaigh Ghaelacha scaptha anseo is ansiúd i measc phobal Béarla. Tá a aisiompó seo fíor maidir leis an dara phointe.

3. **Ní dúirt mé** nach léitear "Amárach" sna Gaeltachtaí. Is é rud a dúirt mé ná nach bhfaca mé cóip de riamh in aon Ghaeltacht le mo linn iontu.

5. Ní dóigh liom go ndúirt mé nach bhfuil trioblóid ar bith ag pobal na Gaeltachta leis an gcló Rómhánach. Is é a deirim faoin bpointe seo ná nach bhfuil aon leisce ar mhuintir na Gaeltachta roimh an cló seo in irisí nó leabhair, fiú más fearr le cuid acu an cló eile. Arís, níl mé ach ag braith ar mo thaithí féin.

6, Seans go bhfuil an pointe seo níos fearr agat ná na cinn eile. Tá muintir na Gaeltachta aibidh. Is beag duine acu nach bhfuil dá-theangach. Is maith leo eolas a fháil ar chuile rud atá ag titim amach. A chruthú ar sin an líon mór leabhar Béarla atá léite ag gnáthdhaoine sa Ghaeltacht. Tá eolas acu faoi chúrsaí an tsaoil i bhfad níos fearr ná an gnáthdhuine inár gcathracha nach bhfuil buartha ach faoi rásaí capall, &rl. An féidir a rá go ndéanann "Amárach" freastal ceart ar phobal na Gaeltachta ó'n taobh seo de? Níl mé ag cur an locht oraibh — tuigim na deacrachtaí go léir atá agaibh—ach fós ceapaim go bhfuil dul an pháipéir áitiúil níos mó ná rud ar bith eile ar "Amárach." Ní locht é sin — tá gnó faoi leith ag páipéar áitiúil ar ndóigh.

Níl cóip den litir seo agam ach oiread, agus ní bheidh mé buartha mórán muna gcuireann tú i gcló é. Ach le do thoil ná breac síos cúpla pointe as mar a thárla an uair dheireannach. Tá Gaeilgeoirí róghann na laethanta seo le bheith ag caitheamh anuas ar a chéile.

Le mór-mheas,
Nollaig Ó Gadhra.

(Níor ḟoillsíomar nó ní ḟuaramar aon dreaċt ó Nollaig Ó Gaḋra. Fuaramar cóip de léaċt an speisiúl a ṫug sé i gCorcaiġ anuraiḋ agus d'ḟoillsíomar aċ insint agus traċtaireaċt air. Fágaḋ alt 4 den litir ṫuas ar lár toisc gur fógraíoċt é do páipéir eile — Béarla agus Gaeilge. Is trua linn má ṁeasann Nollaig Ó Gaḋra naċ dtugamar coṫrom do aċ seo an rud a ḃí ina litir "tá tugṫa faoi deara agam naċ ḃfuil trioblóid ar biṫ ina ainneoin a ndeir James Dillon. etc. ag muintir na nGaeltaċtaí leis an gcló Róṁánaċ ná an litriú nua." Níl caiṫeaṁ anuas ar biṫ againn ar Nollaig aċ ní aontaímid lena tuairmí.

Eag. AMÁRAĊ.)

IORRAS

Is mór an trua agus is mór an náire é an géarġá atá le solus leictreaċais i gceantar an Ṁuirṫéid. Tá géarġá le aiseanna na Ḃord Soláṫar an Leictreaċais anseo, aċ níl cuma ar an Ḃord go ḃfuil siad ag taḃairt áird ar biṫ air go fóill. Tá ḋá ṡéipéal. ḋá scoil, ḋá halla poiblí insan ċeantar, ċom maiṫ le cúpla céad teaġlaċ agus daonra ann atá níos tiúiḃe ná ceantar atá déanta ċeana ag an Ḃord. Táṫar ag súil naċ fada eile a ḃeiḋ an leaṫ ṗaróiste seo fágṫa gan aiseanna an leictreaċais, a ḃfuil siad ag íoc ar a ṡon frío cánaċa náisiúnta.

Dé Doṁnaiġ seo caite, in aineoin an ḟuaċa, ḃí slua mór i láṫair ag féaċaint ar Burrishoole ag buaċaint ar Ḃéal an Ṁuirṫid le scór 4-2 i gcoinniḃ 1-3 san ċéad babta i léig sinsearaċ Ṁuiġeo. Ba ṫrua le gaċ duine gur gortaíoḋ Seán Bairéad, fear siopa ag Muintir Mac a' tSaoir, Ḃéal an Ṁuirṫid. a gortaíoḋ a ġlúin, agus é ag imirt do Ḃéal an Ṁuirṫid. Ní ḃeiḋ sé ag imirt peil go ceann sé ṁí.

Labair an tUasal Bates, ó Ġaeltarra Éireann, le suas le 40 oibriṫeoirí faoi obair ag an Ionad Cniotála Ġaeltarra Éireann Béal an Ṁuirṫid, aċ, ḃí brón ar na h-oibríṫe a ċlos, go gcaiṫfiḋ siad taisteál go Cuan Eile, monarcan na mbréagán, le obair a ḟáil. I dteannta an Uasail Bates. ḃí Áine Ní Ḃáiréad, Maoirseoir Gaeltarra Éireann as Túr Glas, Béal an Ṁuirṫid.

Ḃí Acaḋ i Nuas ag imirt san céad ċraoḃ ċluiċe mionúr ariaṁ nuair a d'imir siad Béal an Ṁuirṫid Dé Doṁnaiġ seo caite, ag Béal an Ṁuirṫid. Is maiṫ an rud foirne nua mar seo a ḟeiscint ag teaċt ċun cinn, agus is mór an molaḋ atá tuillte ag an Aṫair Ó Loingsiġ, Inḃear agus Miċeál Mac Cuṁail, O.S., Poll a' tSoṁais, a rinne oireaḋ ar son peil mionúr in Iorras. Ḃí an cluiċe sinsir 'na ḋéiḋ, idir Baile an Tobair, agus Béal an Ṁuirṫid.

Tá ḋá ṁíle den ḃóṫar in aice le sráidbaile Sean Aċaiḋ a ḃí millte scriosta ar fad, deisiṫe ag feilméaraí an ċeantair: iad féin anois, agus tá bóṫar breá ann.